**CINNEADH (AE) 2023/2412 ÓN gCOMHAIRLE**

**An 9 Deireadh Fómhair 2023**

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/1754 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207, i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is conradh a riarann an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil ('EDMI') é Comhaontú Liospóin maidir le Sonrúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta an 31 Deireadh Fómhair 1958 ('Comhaontú Liospóin'). Trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle ([1]), an 26 Samhain 2019, d'aontaigh an tAontas le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ([2]) ('Ionstraim na Ginéive'), agus le héifeacht ón 26 Feabhra 2020. Tháinig Ionstraim na Ginéive í féin i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020.

(2) Faoi Airteagal 4(1) de Chinneadh (AE) 2019/1754, is é an Coimisiún atá le bheith ina Údarás Inniúil dá dtagraítear in Airteagal 3 d'Ionstraim na Ginéive, an t-údarás inniúil atá freagrach as Ionstraim na Ginéive a riar ar chríoch an Aontais agus as cumarsáid a dhéanamh le Biúró Idirnáisiúnta EDMI faoi Ionstraim na Ginéive, agus faoi na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin agus faoi Ionstraim na Ginéive.

(3) Maidir le clárú tásc geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2023/2411 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus i gcomhréir leis na leasuithe arna dtabhairt isteach ag an Rialachán sin ar Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), chun críocha riar an chláraithe sin ar leibhéal an Aontais, ba cheart d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh a bheith mar Údarás Inniúil an Aontais i leith tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha faoi Ionstraim na Ginéive.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (AE) 2019/1754 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 4(1) de Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

([1]) Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2019 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 12).

([2]) IO L 271, 24.10. 2019, lch. 15.

([3]) Rialachán (AE) 2022/2411 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha (IO L, 2023/2411, 27.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2411/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 1).

‘Maidir le tásca geografacha lena gcosnaítear táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha de réir bhrí Rialachán (AE) 2023/2411 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), is í Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh a ainmneofar i ról an Údaráis Inniúil dá dtagraítear in Airteagal 3 d’Ionstraim na Ginéive, agus is í a bheidh freagrach as Ionstraim na Ginéive a riar ar chríoch an Aontais agus as fógraí agus cumarsáid le Biúró Idirnáisiúnta EDMI faoi Ionstraim na Ginéive agus faoi na Comhrialacháin.

(*) Rialachán (AE) 2022/2411 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 an maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha (IO L 2023/2411, 27.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2411/oj).’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh I Lucsamburg, an 9 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
Y. DÍAZ PÉREZ